2024/2910

26.11.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2910 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2024

maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le tabhairt i dtír na ngabhálacha uile speiceas atá faoi réir teorainneacha gabhála agus, sa Mheánmhuir, gabhálacha speiceas atá faoi réir íosmhéideanna gabhála ('an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír') freisin. Le hAirteagal 15(1) den Rialachán sin cumhdaítear gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais nó gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais nach dtagann faoi cheannasacht nó dlínse tríú tíortha.

(2) Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun oibleagáidí idirnáisiúnta a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, lena n-áirítear go háirithe maoluithe ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

(3) Le Moladh CIGM/46/2023/2 ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ('CGIM'), cuirtear toirmeasc ar choinneáil ar bord agus tabhairt i dtír séaclaí móra dearga agus séaclaí móra gorma agus dearga i gCaolas na Sicile atá níos lú ná 25 mm ar fhad carapáis.

(4) Le Moladh CIGM/46/2023/3 ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ('CGIM'), cuirtear toirmeasc ar choinneáil ar bord agus tabhairt i dtír séaclaí móra dearga agus séaclaí móra gorma agus dearga sa Mhuir Iónach atá níos lú ná 25 mm ar fhad carapáis.

(5) Le Moladh CGIM/46/2023/4 ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ('CGIM'), cuirtear toirmeasc ar choinneáil ar bord agus tabhairt i dtír séaclaí móra dearga agus séaclaí móra gorma agus dearga i Muir na Leiveainte atá níos lú ná 25 mm ar fhad carapáis.

(6) Le mír 4 de na moltaí sin, tugtar an fhéidearthacht corrlach lamháltais 5 % a bheith ann le haghaidh gabhálacha de thaisme de shéaclaí móra dearga agus séaclaí móra gorma agus dearga atá faoi bhun na híosmhéide.

(7) Le Moladh CIGM/46/2023/14 ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ('CGIM'), cuirtear toirmeasc ar choinneáil ar bord agus tabhairt i dtír dorád coiteann sa Mheánmhuir atá níos lú ná 35 cm ar fhad carapáis. Thairis sin, le mír 16 den Mholadh tugtar an fhéidearthacht corrlach lamháltais 5 % a bheith ann le haghaidh gabhálacha de thaisme de dhoráid atá faoi bhun na híosmhéide.

(8) Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na Moltaí sin agus dlí an Aontais Eorpaigh, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le soithí de chuid an Aontais atá rannpháirteach sna hiascaigh a chumhdaítear leis na moltaí sin.

(9) Ós rud é go bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin faoi láthair i limistéar chur i bhfeidhm Chomhaontú CGIM, chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

([1]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo maoluithe ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a leagtar amach in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoin gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir a chur chun feidhme. Tá feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais nó gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais nach dtagann faoi cheannasacht nó dlínse tríú tíortha.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'Fo-Limistéir Gheografacha CGIM' ('FLGanna') Fo-Limistéir Gheografacha an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);
2. ciallaíonn 'an Mheánmhuir' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha 1 go 27 CGIM mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;
3. ciallaíonn 'Caolas na Sicile' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha 12, 13, 14, 15, agus 16 CGIM mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;
4. ciallaíonn 'An Mhuir Iónach' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha 19, 20 agus 21 CGIM mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124;
5. ciallaíonn 'Muir na Leiveainte' na huiscí i bhfolimistéir gheografacha 24, 25, 26 agus 27 CGIM mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2124.

Airteagal 3

An séacla mór dearg agus an séacla gorm agus dearg

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus leis an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i gCaolas na Sicile, sa Mhuir Iónach agus i Muir na Leiveainte.

2. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh toirmeasc ar shéaclaí móra dearga (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar shéaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a shocraítear ag 25 mm ar fhad carapáis a áireamh mar sprioc, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a aistriú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena ndíol.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, féadfar gabhálacha de thaisme de shéaclaí móra dearga (*Aristaeomorpha foliacea*) agus séaclaí gorma agus dearga (*Aristeus antennatus*) atá níos lú ná 25 mm ar fhad carapáis a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a aistriú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a dhíol, a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena ndíol.

4. Déanfar an céatadán 5 % dá dtagraítear i mír 3 a ríomh ar bhonn mheáchan na séaclaí móra dearga agus na séaclaí gorma agus dearga de réir ghabháil iomlán an tsoithigh in aghaidh gach tabhairt i dtír.

Airteagal 4

An dorád coiteann

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*) sa Mheánmhuir a ndéantar iascaireacht air trí bhíthin Feistí Comhthiomsaithe Éisc (FADanna).

([2]) Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) (IO L, 2023/2124, 12.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2124/oj).

2. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh toirmeasc ar dhoráid choiteanna (*Coryphaena hippurus*) atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a shocraítear ag 35 cm ar fhad iomlán a áireamh mar sprioc, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a aistriú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena ndíol.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, féadfar gabhálacha de thaisme d'uasmhéid 5 % de dhoráid choiteanna (*Coryphaena hippurus*) atá níos lú ná 35 cm ar fhad iomlán a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a aistriú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a dhíol, a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena ndíol.

4. Déanfar an céatadán 5 % dá dtagraítear i mír 3 a ríomh ar bhonn mheáchan nó/agus líon na bpíosaí in aghaidh gach tabhairt i dtír de réir ghabháil iomlán dorád coiteann na soithí.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN